

# Tuarascáil Bhord na Móna ar an mBearna Phá idir na hInscní 2022

Is cuideachta leathstáit tráchtála é Bord na Móna atá ag soláthar réiteach aeráide d'Éirinn, chun Éire a threorú i dtreo todhchaí inbhuanaithe atá neodrach ó thaobh carbóin de. Le cúpla bliain anuas tá Bord na Móna dírithe ar an straitéis Donn go Glas chun an chuideachta a aistriú go héifeachtach ón táirgeoir breoslaí iontaise is mó sa tír go dtí an chuideachta réiteach aeráide is mó sa tír.



Chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéim aeráide an lae inniu ann, lena n-áirítear luaineacht an mhargaidh fuinnimh agus saincheisteanna a bhaineann le slándáil an tsoláthair, lean Gnó Fuinnimh In-athnuaite Bhord na Móna ar aghaidh le dlús a chur lena straitéis chun bonneagar fuinnimh in-athnuaite a sholáthar a thacóidh le spriocanna dícharbónaithe an Stáit i gcomhair 2023 agus ina dhiaidh sin a chomhlíonadh. Táimid anois i mbun aistir mar tháirgeoir cumhachta neamhspleách agus beidh ról tábhachtach ag Bord na Móna i ndícharbónú ár ngeilleagair. Tá Bord na Móna ag tabhairt faoi roinnt gníomhartha suntasacha chun tacú leis an mbeartas aeráide agus fuinnimh agus lena straitéis mar chuideachta réiteach aeráide atá ag treorú na hÉireann i dtreo todhchaí aeráidneodrach. Is é Fuinneamh In-athnuaite ceann de phríomhthiománaithe fáis Bhord na Móna; soláthraíonn sé deiseanna margaidh suntasacha chun úsáid a bhaint as ár sócmhainní talún, scileanna forbartha tionscadail agus taithí theicniúil ar shócmhainní fuinnimh in-athnuaite a oibriú.

Tá thart ar 1,500 duine fostaithe ag Bord na Móna agus bainistíonn sé gabháltas de bhreis is 80,000 heicteár. Le cois na cumhachta in-athnuaite a chur ar fáil, soláthraímid seirbhísí athchúrsála agus bainistíochta dramhaíola, athchóiriú tailte portaigh, ceapadh carbóin agus caomhnú na bithéagsúlachta. Tacaímid le forbairt agus le haistriú an ghnó go dtí an Geilleagar Glas trínár gclár, Luasaire Glas.

In BA22, d'fhógair Bord na Móna brabús oibriúcháin de €78.9m (BA21 €27.2m), an brabús is airde riamh ó ionchorpraíodh Bord na Móna Cpt in 1998. Sa bhreis air sin, thairfead an chuideachta ioncam luach €378.2m (BA21 €323.9m) agus TRÚCDA luach €120m (BA21 €51m).

Tá rath uile na Cuideachta bunaithe ar fhoireann oibre atá ag fás agus atá tiomanta do réitigh aeráide a sholáthar chun freastal ar riachtanais shochaí agus gheilleagar na hÉireann. Mar bhonn le rath Bhord na Móna chun aistriú chuig cuideachta Réiteach Aeráide tá foireann oibre níos éagsúla agus cultúr níos ionchuimsithe ina spreagtar agus ina dtacaítear le fostaithe chun a bheith páirteach, chun rath a bheith a orthu, chun forbairt a dhéanamh agus chun dul chun cinn a dhéanamh chun barr a gcumais a bhaint amach.


Is ionann foilsiú chéad Tuarascáil Bhord na Móna maidir leis an mBearna Phá idir na hInscní agus garsprioc thábhachtach eile dár n-aistear CÉ&I. Is éard atá i gceist leis an mbearna phá idir na hinscní an difríocht idir an ráta pá in aghaidh na huaire agus na bónais, ar an meán, a fhaigheann fir i gcomparáid leis an ráta pá in aghaidh na huaire agus na bónais a fhaigheann mná atá fostaithe ar fud na heagraíochta. Cúis áthais dúinn a thuairisciú go bhfuil ár meánbhearna phá idir na hinscní cothrom le -10.89% agus go bhfuil ár mbearna airmheánach phá idir na hinscní cothrom le -8.2%. Tá na figiúirí seo á gcur i láthair i gcomhthéacs fhoireann oibre fhireann den chuid is mó a bheith againn riamh anall agus is fianaise iad ar ár dtiomantas agus ar ár n-iarrachtaí chun foireann oibre níos éagsúla a fhorbairt.

Glacann foireann Bhord na Móna leis go bhfuil Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú (CÉ&I) ag croílár a cuid oibre ar fad agus is é an aidhm atá aici timpeallacht chomhionann, éagsúil agus ionchuimsitheach a chruthú inar féidir le comhghleacaithe a gcuid oibre a dhéanamh go díograiseach agus a bheith mórtasach as a bheith ag obair d'fhostóir a thacaíonn le CÉ&I. Táimid airdeallach air agus tuigimid an tábhacht a bhaineann le heagraíocht chomhionann, éagsúil agus ionchuimsitheach a bhunú agus tá iarracht á déanamh againn cultúr d'ionchuimsiú, de chóimheas agus de dheiseanna comhionanna a chruthú do chomhghleacaithe. Molaimid dár gcomhghleacaithe ar fad aird a thabhairt ar luachanna a bhaineann le comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú.

Tá Grúpa Stiúrtha CÉ&I bunaithe againn, agus páirteach ann tá roinnt comhghleacaithe as ar fud na cuideachta, a bhfuil prómhóil acu i ndáil le tuairimí comhghleacaithe a chur in iúl, eolas maidir le forbairt leanúnacha na cuideachta a roinnt laistigh den spás CÉ&I go himheánach agus ionchur ar chur ar fáil do dhearadh, d'fhorbairt agus do chur chun feidhme na straitéise CÉ&I i mBord na Móna.

Rinne Fhoireann Ceannaireachta Shinsearach Bhord na Móna clár oiliúna ceannaireachta ionchuimsitheach agus tá siad lántiomanta do chomhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú a leabú sa ghnó, agus a chinntiú go dtagraíonn gach rud a dhéanaimid, agus an tslí a ndéanaimid gach rud, do agus go mbreithníonn sé an tionchar atá acu ar ár gcuspóirí comhionannais. Táimid dírithe ar CÉ&I a chuimsiú i ngach gné de shaolré an fhostaí lena n-áirítear earcú agus roghnú, oiliúint agus forbairt, feidhmíocht agus bainistíocht tallainne.

Sheolamar roinnt clár nua i mbliana lena n-áirítear Conairí Amach Anseo chun céimithe agus printísigh a mhealladh i dtreo na heagraíochta, táirgeann ár nAcadaimh Thiománaí deiseanna uasoiliúna d'fhostaithe reatha agus ionchasacha, agus tá ár gClár Forbartha Ceannaireachta Bláthaigh dírithe ar fhoinsí tallainne a chur ar fáil ar fud na heagraíochta a mbeidh na scileanna ceannaireachta acu chun leanúint ar aghaidh lena ngairmeacha. Tá rannpháirtíocht na mban i ngach clár á spreagadh ar bhealach réamhghníomhach againn. Ar deireadh, le déanaí sheolamar Acadamh Meantóireachta inmheánach do mhná, Tionchar Dearfach, a chuirfidh deiseanna meantóireachta ar fáil d'fhostaithe chun tacú lena bhforbairt.



## Tá ag éirí go breá linn

- Chuir samhail oibre cumaisc Bhord na Móna leis na deiseanna atá ar fáil chun róil a chur i gcrích laistigh de shamhail chumaisc agus chuir sí freisin leis na deiseanna atá ar fáil d'fhostaithe reatha agus d'fhostaithe amach anseo.
- Ionas gur féidir éagsúlacht a mhéadú teastaíonn ceannairí ionchuimsitheacha agus ghlac ár gceannairí páirt i gcláir oiliúna cheannaireachta ionchuimsitheacha.
- Tacú le coinneáil & le cur chun cinn na mban i mBord na Móna trí níos mó deiseanna a chur ar fáil chun páirt a ghlacadh i bhfoghlaím leanúnach, fás agus naisc le foinsí cóitseála agus meantóireachta inmheánacha.

## Na réimsí nach mór iad a fheabhsú

- Cur le líon na mban a mheallaimid & a n-earcaímid i mBord na Móna.
- Eolas maidir le deiseanna gairme atá ar fáil do mhná i mBord na Móna agus maidir leis na tacaíochtaí atá ar fáil dóibh a roinnt.
- Éisteacht le agus tacú le mná i mBord na Móna trí thacaíochtaí saoire agus cláir thuismitheoireachta bhreise a chur ar fáil.

**Bord na Móna**



# Aguisín: An tAcht um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní, 2022 Ceanglais Tuairiscithe 2021 (Dáta an roghbhlúire, 30 Meitheamh 2022)

Leagtar amach sa tábla thíos an bhearna phá idir na hInscní, in aghaidh na huaire, thar raon méadrachta mar a cheanglaíonn an tAcht um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní, 2021. Baineann na sonraí thíos le Fostaithe Phoblacht na hÉireann agus tá siad bunaithe ar an tréimhse 12 mhí go dtí an 30 Meitheamh 2022.

Ceanglais maidir leis an mbearna phá idir na hInscní	Céatadán
1. Meánráta pá idir na hInscní in aghaidh na huaire (Uile)	-10.89%
2. Ráta pá airmheánach idir na hInscní in aghaidh na huaire (Uile)	-52.78%
3. Meánráta pá idir na hInscní in aghaidh na huaire (Conradh sealadach)	0%
4. Ráta pá airmheánach idir na hInscní in aghaidh na huaire (Uile)	-8.2%
5. Ráta pá airmheánach idir na hInscní in aghaidh na huaire (Páirtaimseartha)	-44.65%
6. Ráta pá airmheánach idir na hInscní in aghaidh na huaire (Conradh sealadach)	0%
7. Meánbhónas pá feidhmíochta in aghaidh na huaire (Uile)	-21.49%
8. Bónas pá airmheánach idir na hInscní in aghaidh na huaire (Uile)	-16.82%
9. Céatadán na bhfostaithe, de réir inscne, a fuair bónas feidhmíochta luach saothair	39.02%(M) 48.37%(F)
10. Céatadán na bhfostaithe, de réir inscne, a fuair sochar comhchineáil	8.39%(M) 9.77%(F)
11. Céatadán na bhfostaithe laistigh den cheathairíl luacha saothair níos ísle	78.46%(M) 21.54%(F)
12. Céatadán na bhfostaithe laistigh den cheathairíl luacha saothair meánach níos ísle	91.69%(M) 8.31%(F)
13. Céatadán na bhfostaithe laistigh den cheathairíl luacha saothair níos airde meánach	85.85%(M) 14.15%(F)
14. Céatadán na bhfostaithe laistigh den cheathairíl luacha saothair níos airde	77.78%(M) 22.22%(F)

*Is é an meán an meánphointe do gach fostaí baineann agus fireann agus is é an t-airmheán an lárphointe. Sa chás gur figiúr móide é an toradh, tá ráta na bhfear níos airde. Sa chás gur figiúr lúide é an toradh, tá ráta na mban níos airde.*